# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Grafaic

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit


*State Examinations Commission*


*Scrúdú na Sraithe Sóisearaí 2022*


# *Grafaic*

## *Comhleibhéal*

























# *Scéim Marcála*




# *Freagair **gach** ceist.*




<table>
<tr><th colspan="3">Ceist 1.</th></tr>
<tr><td>C1 (a)</td><td>12</td><td>(2 mharc an ceann)<br>
</td></tr>
<tr><td>C1 (b)</td><td>6<br><br>2</td><td>(i) Uillinn a dhéroinnt (6 mharc)<br><br>(ii) 6 (2 mharc)<br></td></tr>
<tr><td>C1 (c)</td><td>4<br><br>4<br><br>3</td><td>Lárphointe ceart (4 mharc)<br><br>4 líne (4 x 1 mharc)<br><br>Ciorcal (3 mharc)<br>Lárphointe ar bith 1 mharc<br></td></tr>
<tr><td>Lch. 2 san Iomlán</td><td>31</td><td></td></tr>
</table>


| Ceist 2 | | |
|---|---|---|
| **C2 (a)** | 8 | **(2 mharc an ceann)**<br><br>Ainm:<br>Sorcóir ☑<br>Ciúb ☐<br><br>Ainm:<br>Cón ☑<br>Ciúbóideach ☐<br><br>Ainm:<br>Triantán ☐<br>Pirimid ☑<br><br>Ainm:<br>Sféar ☐<br>Leathsféar ☑ |
| **C2 (b)** | 6 | **(2 mharc an ceann)**<br>(i) In ingearchló, bíonn cuma ciorcail ar sféar. Fíor ☑ Bréagach ☐<br>(ii) I mbonnchló, bíonn cuma ciorcail ar sféar. Fíor ☑ Bréagach ☐<br>(iii) I gcló ísiméadrach, bíonn cuma éilips ar sféar. Fíor ☐ Bréagach ☑<br> |
| **C2 (c)** | 16 | **(8 marc an ceann)** 6 mharc don sceitse, 2 mharc do rindreáil cuí<br>  |
| **Lch. 3 san Iomlán** | **30** | |




| Ceist 3 | | |
|---|---|---|
| **C3 (a)** | 4 | **(4 mharc)**  |
| **C3 (b)** | 3<br><br>4 | Roinnt na líne **(3 mharc)**<br><br>Stuanna **(4 mharc)**  |
| **C3 (c)** | 3<br><br>4 | Tógáil ceart **(3 mharc)**<br><br>Críochnú an lógó **(4 mharc)** – 1 mharc in aghaidh na líne  |
| **C3 (d)** | 4<br><br>3 | Innéacsú ceart **(4 mharc)** – 1 mharc an ceann<br><br>Fad ceart na líne **(3 mharc)**  |
| **Lch. 4 san Iomlán** | **25** | |

| Ceist 3 ar lean | | |
|---|---|---|
| **C3 (e) (i)** | **Ingearchló (13)** | |
| | 6 | Imlíne an cheamara – 6 líne **(6 x 1 mharc)** |
| | 2 | Imlíne an chnaipe – 2 líne **(2 x 1 mharc)** |
| | 4 | Imlíne an lionsa – **(4mharc)** 1 ar **gach** suíomh, 1 ar **gach** ciorcal |
| | 1 | Mionsonra folaithe – 1 líne **(1 mharc)** |
| | |  |
| **C3 (e) (ii)** | **Plean (15)** | |
| | 7 | Imlíne an cheamara – 7 líne **(7 x 1 mharc)** |
| | 2 | Imlíne an chnaipe – 2 líne **(2 x 1 mharc)** |
| | 6 | Imlíne an lionsa – 6 líne **(6 x 1 mharc)** |
| | |  |
| **C3 (e) (iii)** | **Taobhchló (16)** | |
| | 7 | Imlíne an cheamara – 7 líne **(7 x 1 mharc)** |
| | 2 | Imlíne an chnaipe – 2 líne **(2 x 1 mharc)** |
| | 6 | Imlíne an lionsa – 6 líne **(6 x 1 mharc)** |
| | 1 | Mionsonra folaithe – 1 líne **(1 mharc)** |
| | |  |
| **C3 (e) (iv)** | **Fíor-chruth (6)** | |
| | 6 | Leithead a fháil amach **(2)**, Airde a fháil amach **(2)**, Críochnú **(2)** |
| | 3 | Cur i Láthair **(3 mharc)** |
| **Lch. 5 san Iomlán** | **53** | |


| Ceist 4 | | |
|---|---|---|
| **C4 (a)** | 6 | **(6 mharc)** 4 mharc don sceitse<br>2 mharc don rindreáil cuí<br> |
| **C4 (b)** | 6 | **(2 mharc an ceann)**<br><br> |
| **C4 (c)** | 7<br>6<br>2 | 7 líne **(7 x 1 mharc)**<br>3 stua **(2 mharc an ceann)**<br>Pointí teagmhála **(2 mharc)**<br> |
| **Lch. 6 san Iomlán** | **27** | |

| Ceist 5 | | | |
|---|---|---|---|
| **C5 (a)** | 6 | **(6 mharc)** |  |
| **C5 (b)** | 10 | 5 líne **(5 x 2 mharc)** |  |
| **C5 (c)** | 6<br><br>6 | Tógáil paraboile **(1,1,1,1)**<br>cuar a tharraingt **(2 mharc)**<br><br>Tógáil tadhlaí **(4 mharc)**<br>Tadhlaithe a tharraingt<br>**(1 mharc an ceann)** |  |
| **Lch. 7 san Iomlán** | **28** | | |

| Ceist 5 ar lean | | |
|---|---|---|
|  | | |
| **C5 (d)** | 6 | 3 líne ceartingearach **(2 mharc an ceann)** |
| | 6 | 3 líne cothrománach **(2 mharc an ceann)** |
| | 4 | 2 líne claonta **(2 mharc an ceann)** |
| | 2 | Pointí breise ar an gcuar sa taobhchló **(2 mharc)** |
| | 2 | Pointí ar an gcuar a aithint san ingearchló **(2 mharc)** |
| | 2 | Pointí ar an gcuar a aimsiú san aismhéadrach **(2 mharc)** |
| | 2 | Cuar a tharraingt **(2 mharc)** |
| | 3 | Cur i Láthair **(3 mharc)** |
| **Lch. 8 san Iomlán** | **27** | |

| Ceist 6 | | |
|---|---|---|
| **C6 (a)** | 6 | **(2 mharc an ceann)**  |
| **C6 (b)** | 8 | **(2 mharc an ceann)**  |
| **C6 (c)** | 2<br>4<br>3 | Ciorcal a roinnt **(2 mharc)**<br>Incrimint cheart a bhogadh as áit **(4 mharc)**<br>Críochnaithe – 3 líne **(1 mharc an ceann)**  |
| **Lch. 9 san Iomlán** | **23** | |

## Ceist 6 ar lean



| | | |
|---|---|---|
| **C6 (d) (i)** | **Éilips (14)** | |
| | 4 | Mórchiorcal a tharraingt, Mionchiorcal a tharraingt **(2,2)** |
| | 6 | Pointí breise ar an gcuar a aimsiú **(2,2,2)** |
| | 4 | Cuar a tharraingt |
| **C6 (d) (ii)** | **Tadhlaí agus Críochnú (19)** | |
| | 4<br>3<br>2 | Suíomh ceart $F_1$ agus $F_2$ **(2 x 2 mharc)**<br>Tógáil le haghaidh tadhlaí **(3 mharc)**<br>Líne ceartingearach ó líne $F_2$, Líne tadhlaí **(1,1)** |
| | 2<br>8 | Ciorcal **(2 mharc)**<br>8 líne **(1 mharc an ceann)** |
| | 3 | Cur i Láthair **(3 mharc)** |
| **Lch. 10 san Iomlán** | **36** | |
| ***Iomlán 280*** | | |

# *Tionscadal an Dalta*
# *scéim marcála*

| **Bileog 1** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sceitsí saorláimhe 2T agus 3T agus nótaí | | | Tuiscint ar an gcéimseata | | | Cur i láthair |
| 20 | | | 12 | | | 8 |
| Réasúnta | Maith | Sármhaith | Réasúnta | Maith | Sármhaith | |
| 0 – 7 | 8 – 14 | 15 – 20 | 0 – 4 | 5 – 8 | 9 – 12 | |

| **Bileog 2** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líníocht ortagrafach 2T atá mionsonraithe mar is cuí | | | Príomh-thoisí & gnásanna cuí 2T | | | Cur i láthair |
| 20 | | | 12 | | | 8 |
| Réasúnta | Maith | Sármhaith | Réasúnta | Maith | Sármhaith | |
| 0 – 7 | 8 – 14 | 15 – 20 | 0 – 4 | 5 – 8 | 9 – 12 | |